

Déardaoin, 3 Meitheamh, 2004  
Thursday, 3rd June, 2004

10.30 a.m.

---

**ORD GNÓ**  
**ORDER OF BUSINESS**

- 14c.** Tairiscint Fóirsteanachta *maidir le* Coiste a Cheapadh ar Airteagal 35.4.1 den Bhunreacht agus ar alt 39 den Acht Cúirteanna Breithiúnais 1924.  
Expediency Motion *re* Appointment of Committee on Article 35.4.1 of the Constitution and section 39 of the Courts of Justice Act 1924.
- 22.** An Bille um Chomhlachas Forbartha Idirnáisiúnta (Leasú) 2003 — An Dara Céim (*atógáil*).  
International Development Association (Amendment) Bill 2003 — Second Stage (*resumed*).
- 2.** An Bille um Thruailliú na Farraige (Forálacha Ilghnéitheacha) 2003 [*Seanad*] — An Dara Céim.  
Sea Pollution (Miscellaneous Provisions) Bill 2003 [*Seanad*] — Second Stage.
- 20.** An Bille um an gCúirt Choiiriúil Idirnáisiúnta 2003 — An Dara Céim (*atógáil*).  
International Criminal Court Bill 2003 — Second Stage (*resumed*).

**IDTOSACH GNÓ PHOIBLÍ  
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS**

*Billí ón Seanad : Bills from the Seanad*

- 2.** An Bille um Thruailliú na Farraige (Forálacha Ilghnéitheacha) 2003 [Seanad] — An Dara Céim.  
Sea Pollution (Miscellaneous Provisions) Bill 2003 [Seanad] — Second Stage.

*Fógraí Tairisceana : Notices of Motions*

**14c.** “Go ndéanann Dáil Éireann, de bhun Bhuan-Ordú 63A:

That Dáil Éireann, pursuant to Standing Order 63A:

1. Á thabhairt dá haire an fhaisnéis a sholáthair an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí don Teach:
  - (a) go ndearna an Garda Síochána, i mí Lúnasa 2001, ar fhaisnéis a fháil ó Interpol ar faisnéis í a fuair an *United States Postal Inspection Service* le linn cuardaigh ar áitreabh in Fort Worth, Texas, agus a bhain le mionsonraí custaiméirí líomhnaithe cuideachta a raibh rochtain á tairiscint aici ar shuímh idirlín pornografaíochta leanaí, túis a chur le hoibríocht i ndáil le daoine ón dlínse seo a líomhnaíodh a bheith aitheanta amhlaidh,
  - (b) go raibh san áireamh sna mionsonraí sin ainmneacha, pasfhocail agus mionsonraí cárta creidmheasa agus cárta muirir daoine áirithe,
  - (c) go raibh duine darb ainm Brian Curtin, 35 Ashe Street, Tralee, Co. Kerry, ar dhuine de na daoine ón dlínse seo a ainmníodh amhlaidh agus gur léirigh fiosrúcháin dá éis sin gurbh é Brian Curtin, Breitheamh den Chúirt Chuarda, agus seoladh tí cónaithe 24 Ard na Lí, Trá Lí, Co. Chiarraí aige, an duine sin,
  - (d) go ndearna an Chúirt Dúiche barántas chun teach cónaithe an Bhreithimh Curtin a chuardach faoi alt 7 den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornografaíocht Leanaí 1998 a eisiúint de bhun iarratais ó chomhalta den Gharda Síochána an 20 Bealtaine 2002,
  - (e) go ndearnadh cuardach ar theach cónaithe an Bhreithimh Curtin dá éis sin de bhun an Bharántais sin agus
1. Noting the information provided to the House by the Minister for Justice, Equality and Law Reform:
  - (a) that the Garda Síochána in August 2001, on receipt of information from Interpol obtained by the United States Postal Inspection Service during a search of premises in Fort Worth, Texas, concerning details of alleged customers of a company offering access to child pornography websites, commenced an operation in relation to persons allegedly so identified from this jurisdiction,
  - (b) that these details included the names, passwords and credit card and charge card details of certain persons,
  - (c) that one of the persons from this jurisdiction so named was a Brian Curtin, 35 Ashe Street, Tralee, Co. Kerry, and that subsequent enquiries indicated that this person was Brian Curtin, Judge of the Circuit Court, with a home address of 24 Ard na Lí, Tralee, Co Kerry,
  - (d) that a warrant to search Judge Curtin's home under section 7 of the Child Trafficking and Pornography Act 1998 issued from the District Court on foot of an application by a member of the Garda Síochána on 20 May 2002,
  - (e) that Judge Curtin's home was subsequently searched on foot of the said warrant and that Gardaí took

gur ghlac Gardaí seilbh ar ríomhaire pearsanta agus ar ábhar eile le linn an chuardaigh,

- (f) gur chuir údaráis an Gharda comhad imscrúdaithe faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, i mí Dheireadh Fómhair 2002, agus gur thug an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí treoir go ndéanfaí an Breitheamh Curtin a ionchúiseamh as pornografaíocht leanaí a bheith ina sheilbh go feasach contrártha d'alt 6 den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornografaíocht Leanaí 1998,
- (g) gur thosaigh triail an chuísimh sin an 20 Aibreán 2004 i gCúirt Chuarda Thrá Lí agus go bhfuarthas an Breitheamh Curtin neamhchiontach sa chuíseamh sin an 23 Aibreán 2004 gan fianaise a bheith tugtha i ndáil le hábhar an chuísimh, tar éis don Chúirt Chuarda Choiriúil a chinneadh go raibh an barántas sin a dúradh imithe in éag nuair a forghníomhaíodh é i dteach cónaithe an Bhréithimh Curtin,

2. Á thabhairt dá haire ábhar an chomhfhreagrais go léir idir Ard-Rúnaí an Rialtais, an Breitheamh Curtin agus a aturnaetha, ag tosú leis an litir ón duine is túisce a luaitear dar dáta an 27 Aibreán 2004, agus go háirithe an ráiteas ó aturnaetha an Bhréithimh Curtin ina litir dar dáta an 13 Bealtaine 2004 á rá go ndéanfaidh an Breitheamh Curtin, i gcás inar cuí leis an Oireachtas ceanglais a chur ar an mBreitheamh Curtin, freagra cuí a thabhairt don chomhlacht sin in am tráthá,

3. Á thabhairt dá haire go háirithe an litir dar dáta an 21 Bealtaine 2004 ó aturnaetha an Bhréithimh Curtin chuig an Taoiseach, an freagra dar dáta an 25 Bealtaine 2004 ar an litir sin, an litir dar dáta an 31 Bealtaine 2004 ó aturnaetha an Bhréithimh Curtin chuig Ard-Rúnaí an Rialtais, agus litir dar dáta an lá céanna ina raibh aighneachtaí thar ceann an Bhréithimh Curtin,

4. Á chur san áireamh na himthosca eisceachtúla a éiríonn amhlaidh, ag féachaint don ghá atá ann go mbeidh muinín iomlán ag an bpobal as na breithiúna agus as iontaofacht riadaradh an cheartais, ós eol di nach mbaineann na

possession of a personal computer and other material during the search,

- (f) that an investigation file was submitted to the Director of Public Prosecutions by the Garda authorities in October 2002 and that the Director of Public Prosecutions instructed that Judge Curtin be prosecuted for knowingly having in his possession child pornography contrary to section 6 of the Child Trafficking and Pornography Act 1998,
- (g) that the trial of the said charge commenced on 20 April 2004 at Tralee Circuit Court and that on 23 April 2004 Judge Curtin was found not guilty of that charge without evidence being given in relation to the subject matter of the charge, the Circuit Criminal Court having determined that the aforesaid warrant was spent when executed at the home of Judge Curtin,

2. Noting the contents of all of the correspondence between the Secretary General to the Government, Judge Curtin and his solicitors, commencing with the letter from the former dated 27 April 2004, and in particular the statement by Judge Curtin's solicitors in their letter of 13 May 2004 that, should the Oireachtas see good to make requirements of Judge Curtin, in due course, Judge Curtin will respond to that body appropriately,
3. Noting in particular the letter of 21 May 2004 from Judge Curtin's solicitors to An Taoiseach, the response to that letter of 25 May 2004, the letter of 31 May 2004 from Judge Curtin's solicitors to the Secretary General to the Government, and a letter of the same date containing submissions on behalf of Judge Curtin,
4. Considering the exceptional circumstances thus arising, having regard to the need for the public to have complete confidence in the judiciary and in the integrity of the administration of justice, conscious of the fact that the said matters

nithe sin le feidhmiú aon fheidhme breithiúnaí ag an mBreitheamh Curtin, agus á choimeád ar aigne stádas agus tábhacht phrionsabal an neamhspleá-chais bhreithiúnaigh,

5. Á thabhairt dá haire togra an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go n-eilíonn an Teach seo, de bhun Airteagal 35.4 den Bhunreacht agus alt 39 den Acht Cúirteanna Breithiúnais 1924, an tOnórách, an Breitheamh Brian Curtin, Breitheamh den Chúirt Chuarda, a chur as oifig mar Breitheamh den Chúirt Chuarda de dheasca mí-iompair a luafar, arb é atá i gceist ann a chuid iompair maidir le síntíús a thabhairt do shuímh idirlín ar a raibh íomhánná pornagrafaíochta leanaí, rochtain a fháil ar na suímh sin agus na suímh sin a úsáid agus i ndáil leis na nithe sin agus é féin a fhágáil mí-oriúnach dá dheasca sin chun oifig Breithimh den Chúirt Chuarda a fheidhmiú, ach go bhfuil an tairiscint sin curtha ar athló go dtí go mbeidh an próiseas imscrúdaithe a thuairiscítear sa rún seo curtha i gcrích,

6. Ós eol di freaghracht agus dualgas na d'Tithe, sula gceapann comhaltaí Thithe an Oireachtas breithiúnas i dtaobh an mian leo vótáil i bhfabhar tairisceana den sórt sin nó ina aghaidh, a chur faoi deara go ndéanfar imscrúdú ar na nithe sin d'fhoinn fíorais an chéanna agus fianaise a bhaineann leis an gcéanna a thiomsú agus a fhionnadh, agus deis a thabhairt don Bhreitheamh Curtin a chás a lua agus a chur i láthair na d'Tithe sin,

7. Á choimeád ar aigne teideal an Breithimh Curtin chun prós chuí agus nósanna imeachta cothroma a bheith aige agus á thabhairt dá haire go dtabharfaidh an Teach seo nósanna imeachta cothroma agus prós chuí don Bhreitheamh Curtin agus go háirithe deis chun fianaise a chur ar aird an Roghchoiste arna bhunú leis an rún seo agus cibé aighneachtaí is cuí leis a dhéanamh chun an Roghchoiste sin agus dá éis sin chun an Tí seo agus ina theannta sin go ndéanfaidh an Teach seo socrú le haghaidh fheidhmiú na gceart uile a thugtar dó le dlí chun a cheart chun a phoist, a dhea-cháil agus aon cheart nó teideal eile a theachtann sé le dlí a chosaint agus a chaomhnú,

do not relate to any exercise of a judicial function by Judge Curtin, and mindful of the status and importance of the principle of judicial independence,

5. Noting the proposal by the Minister for Justice, Equality and Law Reform that this House, calls for the removal, pursuant to Article 35.4 of the Constitution and section 39 of the Courts of Justice Act 1924, of His Honour Judge Brian Curtin, Judge of the Circuit Court, from office for stated misbehaviour, being his conduct in and in relation to subscribing to, accessing and use of websites containing child pornographic images and thereby rendering himself unsuitable to exercise the office of a Judge of the Circuit Court, but that this motion has been adjourned pending the conclusion of the investigative process herein described,
  
  
  
  
  
  
6. Conscious of the responsibility and duty of the Houses, prior to the members of the Oireachtas forming a judgment as to whether they wish to vote in favour of or against such a motion, to cause an investigation to take place into the said matters so as to gather and ascertain the facts of and evidence relating to same, and to provide the opportunity to Judge Curtin to state and present his case to the said Houses,
7. Mindful of Judge Curtin's entitlement to due process and fair procedures and noting that this House shall accord fair procedures and due process to Judge Curtin and in particular an opportunity to advance evidence to the Select Committee herein established and make such submissions as he considers appropriate to that Select Committee and thereafter to this House and moreover shall provide for the exercise of all rights conferred on him by law to defend and protect his right to his position, his good name and any other right or entitlement enjoyed by him at law,

## 8. A bheartú:

(I) Gur fóirsteanach Roghchoiste de chuid Dháil Éireann a cheapadh, de bhun Bhuan-Ordú 63A(2) de na Buan-Orduithe i dtaobh Gnó Phoiblí, a bheidh le comhcheangal le Roghchoiste atá le ceapadh ag Seanad Éireann, maidir le Ní De Bhun Airteagal 35.4 den Bhunreacht agus Alt 39 den Acht Cúirteanna Breithiúnais 1924 (ar Roghchoiste é dá ngairfear an ‘Coiste ar Airteagal 35.4.1 den Bhunreacht agus ar alt 39 den Acht Cúirteanna Breithiúnais 1924’);

(II) Glacfaidh an Coiste fianaise ar na nithe seo a leanas:

- (a) na himthosca agus na nithe dá dtagraítear i mír 1(a) go (f) thuas;
- (b) aon nithe eile a éireoidh i gcúrsa obair an Choiste ar nithe iad bhaineann leis na nithe dá dtagraítear i bhfomhír (a) thusas agus ar nithe iad a bhféadfadh baint a bheith acu le hoiriúnacht an Bhréithimh Curtin chun oifig bhreithiúnach a shealbhú;
- (c) aon nithe eile a bhaineann leis na nithe dá dtagraítear i bhfomhír (a) thusas ar nithe iad a thar-chuirfear chuig an gCoiste le Rún ó Dháil Éireann agus ar nithe iad a bhféadfadh baint a bheith acu le hoiriúnacht an Bhréithimh Curtin chun oifig bhreithiúnach a shealbhú;

(III) Beidh 4 Comhalta ar an Roghchoiste ar choinníoll go bhféadfaidh an Coiste, má thagann comhalta amháin chun bheith neamhábalta a bheith páirteach ina chuid imeachtaí de dheasca báis nó brooiteachta, leanúint dá chuid imeachtaí agus comholtas 3 Comhalta ar a laghad aige. Ar choinníoll freisin, maidir le haon Chomhalta a thagann chun bheith neamhábalta a bheith páirteach sna himeachtaí sin de dheasca brooiteachta, go scoirfidh sé nó sí láithreach de bheith ina Chomhalta nó ina Comhalta den Choiste;

## 8. Resolves that:

(I) It is expedient that a Select Committee of Dáil Éireann be appointed, pursuant to Standing Order 63A(2) of the Standing Orders Relative to Public Business, to be joined with a Select Committee to be appointed by Seanad Éireann, on a Matter Pursuant to Article 35.4 of the Constitution and section 39 of the Courts of Justice Act 1924 (to be referred to as the ‘Committee on Article 35.4.1 of the Constitution and section 39 of the Courts of Justice Act 1924’);

(II) The Committee shall take evidence on:

- (a) the circumstances and matters referred to in paragraph 1(a) to (f) above;
- (b) any other matters which may arise in the course of the work of the Committee which are related to the matters referred to in sub-paragraph (a) above, and which may relate to Judge Curtin’s suitability to hold judicial office;
- (c) any other matters related to the matters referred to in sub-paragraph (a) above which may be referred to it by Resolution of Dáil Éireann and which may relate to Judge Curtin’s suitability to hold judicial office;

(III) The Select Committee shall consist of 4 members provided that, if one member shall become unable to participate because of death or illness, the Committee may continue its proceedings with a membership of no less than 3 members. Provided further that any such member who becomes unable to participate due to illness shall forthwith cease to be a member of the Committee;

(IV) Gan dochar do għinearáltacht mhír (5) de Bhuan-Ordú 63A:

- (i) déanfaidh an Coiste go háirithe deis a thabhairt don bhreith-eamh lena mbaineann (agus, más cuí, dá ionadaithe dlíthiúla) chun a chás a lua; chun aon fhinnéithe a għlaofaidh an Coiste a chroscheistiú agus chun cibé fianaise a threib a mheasfaidh sé is cuí; agus
- (ii) maidir leis an tuarascáil ón gCoiste atá le scaipeadh ag Cléireach na Dála de bhun mhír (8) den Bhuan-Ordú sin, beidh san áireamh inti tuarascáil ar imeachtaí an Choiste mar aon le haon scríbhinní cuí i bhfoirm scríofa nó leictreonach agus ábhar clos-amhairc gaolmhar a thabħarfaidh an Coiste freisin de bhun an Bhuan-Ordaithe sin;

(V) Beidh na cumhactaí seo a leanas ag an gCoiste:

- (i) Cumhacht chun glacadh le haighneachtaí i scríbhinn go feadh an méid go mbeidh aigh-neachtaí den sórt sin i scríbhinn riachtanach chun fianaise nó fainseis a bhfuil géargħá léi i gcomhair chuspóir lánach an Choiste a chur in iúl;
- (ii) Cumhacht chun daoine a bhfuil saineolas nó eolas teicniúil acu a fhostú d'fħonn cabhrú leis le linn a fheidhm a chomhlíonadh;
- (iii) Cumhacht chun seirbhísí comh-airleora dhlíthiúil amháin nó níos mó a áirithiú, más cuí leis, agus is é cúram an chomh-airleora nó na gcomhairleoirí sin comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choiste;
- (iv) Cumhacht chun taistéal a dhéanamh ar taistéal é atá riachtanach maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna;
- (v) Cumhacht chun fios a chur ar dhaoine, ar pháipéir agus ar thaifid.

(IV) Without prejudice to the generality of paragraph (5) of Standing Order 63A:

- (i) the Committee shall in particular afford the judge in question (and, where appropriate, his legal representatives) an opportunity to state his case; to cross-examine any witnesses called by the Committee and to lead such evidence as he may think appropriate; and
- (ii) the report of the Committee to be circulated by the Clerk of the Dáil pursuant to paragraph (8) of that Standing Order shall include a report of the Committee's proceedings together with appropriate transcripts in written or electronic form and associated audio-visual material also furnished by the Committee pursuant to that Standing Order.

(V) The Committee shall have the following powers:

- (i) Power to accept written submissions to the extent that such written submissions are necessary for the conveyance of evidence or information essential to the core purpose of the Committee;
- (ii) Power to engage the services of persons with specialist or technical knowledge to assist it in discharging its function;
- (iii) Power to retain the services, should it think fit, of one or more legal advisors whose task it shall be to advise and assist the Committee;
- (iv) Power to undertake travel necessary to the discharge of its functions;
- (v) Power to send for persons, papers and records."

— Máire Ní Ainifín, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.

**ORDUITHE AN LAE  
ORDERS OF THE DAY**

- 20.** An Bille um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 2003 — An Dara Céim (*atógáil*).  
International Criminal Court Bill 2003 — Second Stage (*resumed*).
- 
- 22.** An Bille um Chomhlachas Forbartha Idirnáisiúnta (Leasú) 2003 — An Dara Céim (*atógáil*).  
International Development Association (Amendment) Bill 2003 — Second Stage (*resumed*).
- 

**MEMORANDA**

*Déardaoin, 3 Meitheamh, 2004  
Thursday, 3rd June, 2004*

Cruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha i Seomra Coiste 3, LH2000,  
ar 11 a.m.

Meeting of the Joint Committee on Foreign Affairs in Committee Room 3, LH2000,  
at 11 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Oideachas agus Eolaíocht i Seomra Coiste 2, LH2000,  
ar 11.30 a.m.

Meeting of the Joint Committee on Education and Science in Committee Room 2,  
LH2000, at 11.30 a.m.

---

**SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA  
DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL**

*Reachtúil:*

*Statutory:*

- 1) An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 (Alt 32 (3)). Tuarascáil ón Aire don Chomhchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí maidir le hachtacháin a bhaineann le neamhnochtadh taifead. (An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta) (Bealtaine 2004).
- 2) Treoir SEA (2001/42/CE) a Chur i bhFeidhm: Éifeachtaí Pleananna/Clár Áirithe ar an gComhshaoil a mheasúnú. (Dréacht) Treoirlínte d'Údaráis Phleanála. (Márta 2004).
- 3) An tOrdú um Acht na mBóithre 1993 (Bóithre Náisiúnta a Aicmiú) (Seachróid Mhainistir Fhear Maí, Ráth Chormaic agus Chnocán na Biolraí) 2004 (I.R. Uimh. 249 de 2004).
- 4) Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le síniú agus cur chun feidhme sealadach Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cirgeastáine, den pháirt eile, d'fhoill
- 1) Freedom of Information Act 1997 (Section 32(3)). Ministerial Report to the Joint Committee on Finance and the Public Service on enactments relating to non-disclosure of records. (Department of Arts, Sport and Tourism) (May 2004).
- 2) Implementation of SEA Directive (2001/42/EC): Assessment of the Effects of Certain Plans/Programmes on the Environment. (Draft) Guidelines for Planning Authorities. (March 2004).
- 3) Roads Act 1993 (Classification of National Roads) (Fermoy, Rathcormac and Watergrasshill Bypass) Order 2004 (S.I. No. 249 of 2004).
- 4) Proposal for a Council Decision on the signing and provisional application of a Protocol to the Partnership and Cooperation Agreement between the European Communities and their Member States, of the one part, and the Republic of Kyrgyzstan, of the other part, to take

aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach a chur i gcuntas mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

COM (2004) 303.

5) Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le críochnú an Phrótaeil a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cirgeastáine, den pháirt eile, d'fhoínn aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach a chur i gcuntas mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2004) 305.

6) Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le síniú agus cur chun feidhme sealadach Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Casacstáine, den pháirt eile, d'fhoínn aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach a chur i gcuntas mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2004) 306.

7) Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le críochnú an Phrótaeil a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Casacstáine, den pháirt eile, d'fhoínn aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach a chur i gcuntas mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2004) 307.

account of the accession of the Czech Republic, the Republic of Estonia, the Republic of Cyprus, the Republic of Latvia, the Republic of Lithuania, the Republic of Hungary, the Republic of Malta, the Republic of Poland, the Republic of Slovenia and the Slovak Republic to the European Union together with explanatory information note. COM (2004) 303.

5) Proposal for a Council and Commission Decision on the conclusion of the Protocol to the Partnership and Cooperation Agreement between the European Communities and their Member States, of the one part, and the Republic of Kyrgyzstan, of the other part, to take account of the accession of the Czech Republic, the Republic of Estonia, the Republic of Cyprus, the Republic of Latvia, the Republic of Lithuania, the Republic of Hungary, the Republic of Malta, the Republic of Poland, the Republic of Slovenia and the Slovak Republic to the European Union together with explanatory information note. COM (2004) 305.

6) Proposal for a Council Decision on the signing and provisional application of a Protocol to the Partnership and Cooperation Agreement between the European Communities and their Member States, of the one part, and the Republic of Kazakhstan, of the other part, to take account of the accession of the Czech Republic, the Republic of Estonia, the Republic of Cyprus, the Republic of Latvia, the Republic of Lithuania, the Republic of Hungary, the Republic of Malta, the Republic of Poland, the Republic of Slovenia and the Slovak Republic to the European Union together with explanatory information note. COM (2004) 306.

7) Proposal for a Council and Commission Decision on the conclusion of the Protocol to the Partnership and Cooperation Agreement between the European Communities and their Member States, of the one part, and the Republic of Kazakhstan, of the other part, to take account of the accession of the Czech Republic, the Republic of Estonia, the Republic of Cyprus, the Republic of Latvia, the Republic of Lithuania, the Republic of Hungary, the Republic of Malta, the Republic of Poland, the Republic of Slovenia and the Slovak Republic to the European Union together with explanatory information note. COM (2004) 307.

8) Tograí chun mórcáidí a sheoladh i bPáirc an Fhionnuisce sa bhliain 2004.

*Neamhreachtúil:*

- 1) Coinbhinsiún Bherne chun Saothair Liteartha agus Ealaíonta a Chosaint (Ionstraim Pháras an 24 Iúil 1971, arna leasú an 2 Meán Fómhair 1979).
- 2) Comhfhereagras idir Oifig an Cheann Comhairle agus Aturnaetha Pierse & Fitzgibbon maidir leis an Onórách, an Breitheamh Brian Curtin.
- 3) An Rialachán um Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Réalt-ainís a Allmhairiú ó Thríú Tíortha) 2002 (Cúlghairm) 2004 (I.R. Uimh. 241 de 2004).
- 4) Comhfhereagras idir an Rialtas agus an Breitheamh Curtin nó a Ionadaithe Dlíthiúla.

8) Proposals to hold major events in the Phoenix Park 2004.

*Non-Statutory:*

- 1) Berne Convention for the Protection of Literary and Artistic Works (Paris Act of 24 July 1971, as amended on 2 September 1979).
  - 2) Correspondence between the Office of the Ceann Comhairle and Pierse & Fitzgibbon Solicitors regarding His Honour Judge Brian Curtin.
  - 3) European Communities (Import from Third Countries of Star Anise) Regulations 2002 (Revocation) Regulation 2004 (S.I. No. 241 of 2004).
  - 4) Correspondence between the Government and Judge Curtin or his Legal Representatives.
-